Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026**

**CM 3495/26**

**PECHE**
**UK**
**PROCED**
**N**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 4469 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad - an dara leasú<br>– Glacadh<br>= TÚS AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN |

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, chinn an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a sheoladh chun go nglacfar an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/2454 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, mar a leagtar amach in 10539/26 (10539/26 REV 1 don leagan Béarla) é.

Iarrtar oraibh a chur in iúl:

**1)** An aontaíonn sibh le glacadh an Rialacháin thuasluaite ón gComhairle, mar a leagtar amach in 10539/26 é (10539/26 REV 1 don leagan Béarla).

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráiteas a dhéanamh.

Ba cheart na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, a luaithe is féidir, agus **ar a dhéanaí faoi 16.00, Dé Céadaoin, an 1 Iúil (am na Bruiséile).** Ba cheart na freagraí a sheoladh le ríomhphost chuig LIFE.fisheries@consilium.europa.eu.